# Critéir dhámhachtana ghairmiúla agus treoirlínte do chláir chéime oideachais ghairmiúil tosaigh (Leibhéal 7 agus 8) don earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige in Éirinn.

## 1. Réamhrá agus Comhthéacs

Le foilsiú "*An chéad 5, straitéis rialtais iomlán do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh*", (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/DYCA, 2018), tá creat beartais cuimsitheach deich mbliana leagtha amach d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCLÓ/ELC) [1]. Is forbairt an-suntasach é tiomantas an Rialtais d'fhórsa saothair faoi stiúir céimithe faoi 2028 san Aistear i dtreo ghairmiúlacht na hearnála. Maidir le dámhachtainí gairmiúla a fhorbairt tá Critéir Dhámhachtana Ghairmiúla agus Treoirlínte (CDGT/PACG) ina chuid thábhachtach de shraith dámhachtainí gairmiúla ó Leibhéal 5 go Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí don earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige[2]. Leis an tsraith sin de dhámhachtainí gairmiúla soláthrófar bunchlocha riachtanacha chun bealaí gairmiúla a chruthú do chleachtóirí atá ann cheana agus d'iontrálaithe nua isteach sa ghairm, a chuirfear in iúl go soiléir sa phróiseas forbartha lucht saothair atá le teacht. Foilsíodh na Critéir Dhámhachtana Ghairmiúla agus na Treoirlínte (CDGT/PACG) in Aibreán 2019 tar éis fhaomhadh na nAirí Oideachais agus Scileanna agus Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Díríonn CDGT/PACG go sonrach ar ghné ghairmiúil an chleachtais san earnáil FCLÓ a chaithfidh a bheith lárnach i bhfoirmiú gairmiúil chéimithe Leibhéal 7 agus Leibhéal 8. Chomh maith le cur síos a dhéanamh ar an eispéireas foghlama d'iontrálaithe díreacha i gcláir chéime, soláthraítear leis treoir agus critéir ar an aistear ó theacht isteach an iarrthóra leis an tsraith reatha cáilíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna (BOO/FET) (dámhachtainí móra Leibhéal 5 nó 6 go príomha i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ/ECCE) ar chúrsa

[1] I gcomhréir leis "*An chéad 5, straitéis rialtais iomlán do naíonáin, leanaí óga agus dá dteaghlaigh*"(2018, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/DCYA), a úsáideann an téarma an earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige mar thuairisceoir uileghabhálach na hearnála, úsáideann C&G agus an doiciméad seo an téarma sin freisin chun cur síos a dhéanamh ar an earnáil. Agus cur síos á dhéanamh ar na cáilíochtaí atá ann cheana, socraíodh leanúint ar aghaidh ag úsáid an téarma Cúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ/ECEC). Maidir le cláir ghairmiúla nua, chuir soláthraithe céime in iúl gur mian leo an rogha a bheith acu leanúint ar aghaidh ag úsáid COLÓ/ECEC mar an téarma tuairisciúil i dteideal na gcéimeanna nua. Ailínítear sin leis an téarma a úsáidtear go sealadach anseo chun cur síos a dhéanamh ar chéimithe ó na cláir chéime ghairmiúla nua, ar oideoir luath-óige é. Aontófar teidil deiridh do róil cheirde san earnáil um Fhoghlaim agus Cúram mar chuid de Phlean Forbartha don Lucht Oibre, lena n-áirítear próiseas comhairliúcháin beartaithe leo siúd atá ag obair san earnáil, a dhéanfar tar éis fhoilsiú na ndoiciméad sin.

[2] Faoi láthair leagann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) amach tuairiscíní dámhachtana gairmiúla do mhórdhámhachtainí in FCLÓ/ELC ag leibhéil 5 agus 6 (BOO/FET) agus úsáideadh na critéir agus na treoirlínte chun tuairiscíní a mhapáil ar fud leibhéil 5 go 8 mar chuid den obair sin.

fochéime Leibhéal 7 nó Leibhéal 8 agus iad ag imeacht mar chéimí oideora na luath-óige. Tá sé i gceist go gcuirfidh na critéir agus na treoirlínte ar chumas soláthraithe tosaigh cúrsaí oideachais gairmiúla cúrsa a dhearadh agus a sheachadadh (lena n-áirítear socrúchán cleachtais ghairmiúil) a fhorbraíonn na luachanna, an t-eolas agus na cleachtais is gá ina gcéimithe chun a chumasú dóibh cleachtadh mar oideoirí gairmiúla na luath-óige.

Cuimsítear in CDGT/PACG táscairí acadúla agus gairmiúla araon a bhfuil súil ag oideoirí luath-óige leo. I ndeireadh na dála, ach go ríthábhachtach, tá sé mar aidhm acu eispéiris agus torthaí ár saoránach is óige i suíomhanna um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige a fheabhsú. Níl sé i gceist go ndéanfaidh na critéir agus na treoirlínte sin seachadadh agus ábhar gach cúrsa Leibhéal 7 agus Leibhéal 8 in Éirinn a chaighdeánú agus a dhéanamh aonchineálach; tá sé mar aidhm leo a chinntiú go bhfuil ullmhúchán iomlán faighte ag gach céimí, beag beann ar an institiúid ina gcuireann siad a gclár staidéir i gcrích, don chleachtas gairmiúil.

D'fhonn ábhar agus rúin na gcritéar agus na dtreoirlínte a aistriú go cleachtas, d'fhorbair ROS agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/DCYA i gcomhar le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), ar iarratas ó institiúidí ardoideachais (IAOanna/HEIs), prótacail chun a chinntiú go ndéantar gach próiseas maidir le bailíochtú na gclár foghlama ailínithe leis na Critéir agus na Treoirlínte le próisis bhunaithe laistigh agus lasmuigh de IAOanna/HEIs. Bunóidh an dá Roinn Bord Comhairleach Cáilíochtaí (BCC/QAB) chun an t-athbhreithniú ar gach clár nua a bhainistiú maidir lena gcomhleanúnachas leis na Critéir Dhámhachtana Ghairmiúla agus na Treoirlínte don earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige sula gcuirfidh a gcomhlacht bailíochtaithe údaraithe isteach iad lena mbailíochtú (i.e. Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann/QQI nó institiúidí ardoideachais/IAOanna (HEIs). Tabharfar cuireadh do gach institiúid ardoideachais tograí a chur isteach le haghaidh clár nua lena n-athbhreithniú ag painéal saineolaithe arna mhaoirsiú ag an mBord Comhairleach Cáilíochtaí. Is trí cheapachán ag an mbeirt Airí a bheidh ballraíocht an Bhoird Chomhairligh Cáilíochtaí (BCC/QAB). Ar thabhairt i gcrích na mbreithniúchán, molfaidh an Bord Comhairleach Cáilíochtaí (BCC/QAB) liosta de na cláir oideachais agus oiliúna as a dtiocfaidh na dámhachtainí gairmiúla nua do na hAirí lena gceadú.

## *2. An Bord Comhairleach Cáilíochtaí*

Ní bheidh an Bord Comhairleach Cáilíochtaí reachtúil maidir lena bhunú tosaigh. Is éard a bheidh ann cathaoirleach neamhspleách agus saineolaithe i soláthar clár foghlama ardoideachais in Oideachas agus Cúram na Luath-Óige. Beidh trí phríomhról ag an mBord Comhairleach Cáilíochtaí (BCC/QAB):

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar thograí clár agus a gcomhleanúnachas leis na Critéir Dhámhachtana Ghairmiúla agus na Treoirlínte a áirithiú
2. Próiseas dearbhaithe cáilíochta a bhainistiú chun tacú le cur chun feidhme clár nua as a dtiocfaidh dámhachtainí gairmiúla. Áireofar leis sin painéil saineolaithe a bhunú chun cuairt a thabhairt ar IAOanna/HEIs d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár nua.
3. Comhairle a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an bhféadfaí an clár, a luaithe a bhíonn sé bailíochtaithe mar dhámhachtain ghairmiúil a mheas, a chur san áireamh ar liosta athbhreithnithe de cháilíochtaí gairmiúla aitheanta[3,4,5].

Tabharfaidh rúnaíocht bheag tacaíocht don BCC/QAB.

Tá an rúnaíocht ag déanamh maoirseachta ar ghlao ar aighneachtaí a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2019 do chláir atá beartaithe le tosú i mí Mheán Fómhair 2020 nó 2021. Ansin féadfaidh BCC/QAB iad sin a réamhcheadú lena mbailíochtú ag foras cáiliúcháin de réir mar is cuí[6]. Laistigh de dhá bhliain ó cuireadh tús leis, déanfaidh BCC/QAB athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta ar chur chun feidhme an chláir. Áireofar leis sin cuairt ó phainéal saineolaithe ar an institiúid ardoideachais (IAO/HEI) chun na cláir a fheiceáil ag feidhmiú

[3] Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh cláir atá beartaithe a bheith ar feitheamh bailíochtaithe le forais cháiliúcháin. Déanfar athbhreithniú iar-bhailíochtaithe laistigh de dhá bhliain ó thosach an chláir.

[4] Tosóidh an t-athbhreithniú agus an t-athmheas ar liosta cháilíochtaí aitheanta na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige/DYCA atá ann cheana le haghaidh na n-íocaíochtaí caipitíochta níos airde in 2020 agus mar thoradh air sin bunófar liosta nua de dhámhachtainí gairmiúla aitheanta atá incháilithe do dhreasachtaí chun lucht saothair FCLÓ/ELC a ghairmiúlú. Leanfaidh baill foirne atá incháilithe le haghaidh dreasachtaí faoi láthair de bheith incháilithe tar éis don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/DCYA an liosta athbhreithnithe a bhunú.

[5] Ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbeidh mic léinn a chláraíonn ar chláir chéime a thosóidh i Meán Fómhair 2022 agus níos déanaí incháilithe do dhreasachtaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige/DCYA ach amháin má tá a gcáilíocht liostaithe ar liosta athbhreithnithe na ndámhachtainí gairmiúla in (COLÓ/ECEC).

[6] Chun dúbailt a laghdú do IAOnna/FEI atá bailíochtaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), déanfar an fhaisnéis a iarrtar a ailíniú leis an bhfaisnéis a iarrann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) maidir lena bpróisis bhailíochtaithe, cé go n-iarrfar ábhar breise don phróiseas sin. Chuir Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) in iúl nach gcuirfidh siad clár nua faoi bhráid a bpróiseas bailíochtaithe mura mbeidh sé réamhcheadaithe ag BCC/QAB ar dtús.

agus chun athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir lena fheidhmiú agus lena ábhar[7]. Cuirfear próiseas den chineál céanna i bhfeidhm chun ligean do IAOanna/HEIs cláir nua a chur isteach le tosú i Meán Fómhair 2022.

Cé go bhfanfaidh na próisis sin ar oscailt ar bhonn bliantúil chun cláir chéime ghairmiúla nua a bhreithniú, moltar go láidir do IAOnna/HEIs a gcláir nua a ullmhú le tosú faoi Mheán Fómhair 2022. Ní bheidh céimithe nua iontrála sa ghairm a thagann as cláir seachas na cláir ghairmiúla nua a thosaíonn ar a gcéim ó mhí Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh nó a chríochnaíonn í tar éis mhí Lúnasa 2026 incháilithe a thuilleadh do dhreasachtaí maoinithe a chuir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/DCYA i bhfeidhm d'fhonn gairmiúlú agus fostaíocht iarchéime a chur chun cinn san earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfanfaidh céimithe a bhí fostaithe san earnáil tar éis 2026 agus a measadh a bheith incháilithe roimhe sin incháilithe do na dreasachtaí sin fós.

[7] Chomhaontaigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann/QQI go dtabharfaidh a bpróiseas athbhreithnithe clár (5 bliana tar éis an bhailíochtaithe tosaigh) aird shuntasach ar thorthaí agus ar mholtaí agus a gcur chun feidhme a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá réir ón athbhreithniú seo.

## Aguisín 1

## Cláir Chéime Leibhéal 7 agus Leibhéal 8 don earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige in Éirinn - Ceanglais réamhcheadaithe sula ndéantar iarratas bailíochtaithe

**Réamhrá**

Leagtar amach in CDGT/PACG na luachanna, an t-eolas agus na cleachtais atá riachtanach do gach gairmí atá ag obair sa réimse um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige. Cuirfidh siad bonn eolais faoi fhorbairt na gclár fochéime sa todhchaí agus comhlánóidh siad an fhorbairt reatha ar dhámhachtainí gairmiúla sa bhreisoideachas agus san oiliúint atá á déanamh faoi láthair ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Is é cuspóir na gcritéar agus na dtreoirlínte a forbraíodh chun a chinntiú go mbeidh sé de chumas ag gach dámhachtain a thairgtear in Éirinn mar Oideachas Gairmiúil Tosaigh (OGT/IPE) d'oideoirí luath-óige céimithe a ullmhú do na róil chasta dhúshlánacha a bheidh acu.

D'fhonn tacú le hinstitiúidí a gcuid clár a fhorbairt is é aidhm an doiciméid seo cabhrú le hiarratasóirí a n-iarratais agus a gcláir a chur i láthair go comhsheasmhach agus go córasach. Is é freagracht an iarratasóra amháin, áfach, a chinntiú go dtugtar aghaidh ar na critéir go léir. Is gá an fhaisnéis sin a fhorbairt i gcomhar leis na Critéir Dhámhachtana Ghairmiúla agus Treoirlínte (CDGT/PACG) do chláir Chéime Leibhéal 7 agus Leibhéal 8 agus ní mór na tuairiscíní ar chineál Dámhachtana Gairmiúla (TCDG/PATD) a bheith anótáilte do Dhámhachtainí um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann QQI. Tá siad sin ar fáil ag: - https://www.education.ie/en/The-E EDUCATION-System/Early-Childhood/professional-award-criteria-and-guidelines-for-initial-professional-education-l7-8-degree-programmes-elc- ireland.pdf

**Cuid 1:** soláthraítear ann faisnéis d'iarratasóirí agus treoirlínte chun iarratas a chomhlánú agus a chur i láthair lena bhreithniú.

**Cuid 2:** soláthraítear ann an fhoirm iarratais atá le comhlánú le haghaidh breithniú dámhachtana. Ní mór do gach iarratasóir an teimpléad a chuirtear ar fáil a úsáid agus gach cuid ann a chomhlánú.

Ní mór freagraí a bheith faighte faoin 12 Nollaig 2019. Ní mór freagraí a sheoladh ar ríomhphost.

## Cuid 1

Agus d'iarratas á mheas, taispeáin conas a chomhlíonann ábhar foriomlán do chláir an t-ábhar cláir atá riachtanach le haghaidh dámhachtainí gairmiúla do chláir chéime Leibhéal 7 agus Leibhéal 8 don earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige in Éirinn. Ba cheart go gcuirfeadh an clár atá beartaithe eispéiris foghlama shaibhre agus éagsúla ar fáil do mhic léinn chun a gcuid luachanna, eolais agus cleachtas a fhorbairt de réir mar a fhorbraíonn siad mar oideoirí na luath-óige. Tá sé riachtanach go n-áireofar eispéiris forbartha phearsanta agus ghairmiúla a chuireann ar chumas mac léinn a bheith ina gcleachtóirí machnamhacha agus iad a ullmhú le haghaidh cleachtas gairmiúil sa ghairm um fhoghlaim agus cúram na luath-óige. Ba cheart go smaoineofaí le cláir ar fhorbairt ghairmiúil éabhlóideach an rannpháirtí agus go soláthrófaí leo deiseanna do mhic léinn eolas a fháil ar obair le leanaí, teaghlaigh, pobail éagsúla agus conas an t-eolas sin a chur i ngníomh.

Ba cheart go mbeadh cuspóirí agus torthaí an chláir soiléir agus comhsheasmhach leis an dámhachtain faoina bhfuiltear ag tabhairt. Ba chóir go mbeadh gach cuspóir modúil agus toradh foghlama soiléir agus curtha in iúl do mhic léinn. Caithfidh socruithe rochtana, aistrithe agus dul chun cinn a bheith i bhfeidhm agus a bheith cothrom agus trédhearcach. Níor cheart go gcuirfeadh modh, modheolaíocht ná suíomh seachadta an chláir sláine iomlán na dámhachtana gairmiúla i gcontúirt ná go ndéanfaidís í sin a chaolú.

Caithfidh foireann an chláir a bheith cáilithe agus iad lánoilte le saineolas agus taithí I bhFoghlaim agus i gCúram na Luath-Óige. De ghnáth ba chóir go mbeadh baill foirne cáilithe go leibhéal amháin os cionn an leibhéil a bhfuiltear ag súil go mbainfidh an rannpháirtí ar an gclár amach é. Féadfaidh gairmithe chomhghaolmhara teagmháil a dhéanamh le mic léinn freisin le haghaidh gnéithe scoite den chúrsa (e.g., síceolaithe, saineolaithe cothúcháin etc.). Ba cheart go mbeadh foireann an chláir gníomhach ó thaobh taighde de agus go mbeadh róil cheannródaíocha acu maidir le taighde a dhéanamh, a mhaoirsiú agus a fhoilsiú. Ba chóir go léireofaí san iarratas an chaoi a gcuirfear deiseanna ar fáil d'fhoghlaim aonair, ghrúpa agus ó thaithí trí uaireanta teagmhála foghlama agus teagaisc duine le duine agus ar líne.

Ní mór fianaise a thabhairt ar dheiseanna suntasacha d'fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil chun tacú le cleachtas machnamhach, réiteach fadhbanna, intinniúlacht agus smaointeoireacht chriticiúil agus an cumas a bheith ina dtaighdeoirí ag cleachtadh a gceirde agus meon acu ar fhoghlaim ar

feadh an tsaoil. Ní mór 35 % ar a laghad de thréimhse iomlán an chúrsa a leithdháileadh ar shocrúchán cleachtais ghairmiúil struchtúrtha, faoi mhaoirseacht, measúnaithe, i suíomhanna iomchuí.

Ba cheart réimse de mhodhanna measúnaithe cothroma, trédhearcacha agus comhsheasmhacha a úsáid a ghabhann sealbhú incriminteach luachanna, eolais agus chleachtais na mac léinn. Ba chóir go mbeadh an measúnú múnlaitheach agus suimitheach araon agus gaol soiléir idir torthaí foghlama, eispéiris foghlama agus critéir mheasúnaithe. Ba chóir go mbeadh curaclam scríofa an chláir dea-struchtúrtha agus oiriúnach don fheidhm.

**Socrúchán Cleachtais faoi Mhaoirseacht**

Ba cheart go mbeadh eispéiris socrúcháin an chleachtais ghairmiúil incriminteach/bíseach ó thaobh nádúir de agus ba cheart go mbeidís ina gcuid dhílis de gach céim den chlár. Ba cheart go dtabharfadh eispéiris na socrúchán gairmiúil deis do mhic léinn breathnú ar ghairmithe a bhfuil taithí acu agus go dtabharfaí tacaíocht dóibh chun machnamh a dhéanamh ar na breathnuithe sin i suíomhanna éagsúla um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige. Ba cheart go gcuirfeadh socrúcháin sa chleachtas gairmiúil deiseanna ar fáil chun teoiric agus cleachtas a chomhtháthú agus eolas a chur i bhfeidhm ar chleachtas. Ba cheart go gcuirfeadh socrúcháin ghairmiúla deiseanna ar fáil do mhic léinn chun na luachanna, an t-eolas agus na cleachtais riachtanacha a fhorbairt agus a thaispeáint chun oibriú le leanaí óga i gcomhthéacs a suímh, a dteaghlaigh agus a bpobail faoi mhaoirseacht gairmithe a bhfuil níos mó taithí acu. Ina theannta sin, ba cheart go dtacódh eispéiris socrúcháin sa chleachtas gairmiúil leis an mac léinn dul i mbun féinmhachnaimh agus féinmheastóireachta criticiúla ar a c(h)leachtas féin agus go soláthrófaí leis deiseanna chun dul i mbun comhráite gairmiúla le gairmithe a bhfuil níos mó taithí acu (cleachtóirí agus maoirseoirí bunaithe ar shuíomh) maidir lena gcleachtas.

## Cuid 2

**Sonraí Iarratais:** * **Léiríonn sé go bhféadfadh sé go mbeadh gá le faisnéis tacaíochta bhreise a chur isteach.**

| | |
|---|---|
| Ainm na hInstitiúide Oideachais | |
| Seoladh na hInstitiúide Oideachais | |
| Ainm an chláir | |
| Teagmhálaí don Institiúid Oideachais (Ainm agus post) | |
| R-phost | |
| Fón | |

| | |
|---|---|
| **Sonraí an chláir:** | |
| Leibhéal NFQ | |
| Teideal an Chláir | |
| Teideal na Cáilíochta | |
| Cód an Chúrsa | |
| Foras cáiliúcháin | |
| Líon na gcreidmheasanna | |
| * Líon na modúl agus uaireanta teagmhála in aghaidh an mhodúil | |
| Fad ionchasach an chúrsa (Lánaimseartha) | |
| Fad ionchasach an chúrsa (Páirtaimseartha) | |
| Líon áiteanna ar an gcúrsa | |
| **Riachtanais an fhoghlaimeora:** | |

| | |
|---|---|
| Riachtanais iontrála ghinearálta: -<br>Oiriúnacht Phearsanta Acadúil | |
| An mbeidh ard-rogha iontrála ann do mhic léinn? | |
| An gcláróidh an clár mic léinn idirnáisiúnta? | |
| An gclárόidh an clár mic léinn Malartaithe Erasmus? | |
| An bhfuil íosleibhéal inniúlachta Béarla ag teastáil? Mura bhfuil, conas a dhéanfar measúnú ar an eolas ar an mBéarla atá riachtanach chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn an chúrsa agus le linn a bheith ar socrúchán? | |
| *Conas a chinntíonn tú go ndéantar do chlár a bhainistiú go maith agus go gcomhlíonann sé na caighdeáin rialachais is airde? | |
| Conas a fhorbrófar an réimse tréithe a leanas tríd an gClár atá i bhfeidhm: -<br>- tréithe acadúla?<br>- tréithe maidir le cleachtas gairmiúil?<br>- tréithe pearsanta gairmiúla? | |
| Conas a fhorbróidh an clár braistint an aitheantais ghairmiúil i measc mac léinn? | |
| Cé na bealaí a ullmhófar mic léinn le haghaidh ról casta agus dúshlánach i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige? | |

| | |
|---|---|
| Conas a bheidh na prionsabail maidir leis an gCéad Chúig[8] mar bhonn agus taca ag an gclár atá á thairiscint do mhic léinn? | |
| An bhfuil cód iompair ghairmiúil i bhfeidhm do mhic léinn? | |
| * Cad iad na nósanna imeachta doiciméadaithe atá i bhfeidhm maidir le modúil a athdhéanamh agus maidir le socrúchán cleachtais? | |
| *An bhfuil dámhachtainí imeachta ar fáil d'fhoghlaimeoirí? Má tá, tabhair sonraí. | |
| Conas a ullmhófar céimithe amach anseo chun tiomantas láidir a fhorbairt don fhoghlaim agus don fhorbairt ghairmiúil leanúnach? | |
| An bhfuil deiseanna forchéimnithe foghlama ann do mhic léinn tar éis dóibh an chéim a chríochnú? | |
| **Seachadadh Cláir** | |
| Conas a chuirfear an clár ar fáil: -<br>- Rangbhunaithe<br>- For-rochtain<br>- Clár cumaisc<br>- Ar líne<br>Tabhair sonraí iomlána agus réasúnaíocht le haghaidh an chineáil seachadta. | |
| Conas a chinntíonn tú go bhfuil an timpeallacht foghlama ag teacht le | |

[8] *Is straitéis iomlán an rialtais atá sa Chéad Chúig do naíonáin, leanaí óga agus dá dteaghlaigh, 2019-2028,* (2018, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/DCYA)

| | |
|---|---|
| riachtanais fhoghlaimeoirí an chláir? | |
| Cén machnamh a rinneadh ar an miondealú maidir le heispéiris foghlama aonair, grúpa agus ó thaithí i ngach modúl? | |
| *Cad iad na tacaíochtaí atá i bhfeidhm chun tacú le folláine agus leas na mac léinn? | |
| *Cad iad na tacaíochtaí atá i bhfeidhm do mhic léinn a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu? | |
| Conas a dhéanfar an clár a mheas? Munlaitheach agus suimitheach. Léirigh ionstraimí measúnaithe samplacha. | |
| An bhfuil aon bheartais/nósanna imeachta doiciméadaithe i bhfeidhm maidir le Creidiúnú Réamhfhoghlama (CRF/APL) agus maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama (ARF/RPL) i measúnú iarrthóirí? | |
| *Cáilíochtaí fhoireann an chláir | |
| *Taithí fhoireann an chláir agus fianaise maidir le hiad a bheith gníomhach i dtaighde. | |
| Cad é an cóimheas idir mic léinn agus foireann teagaisc? | |
| An bhfuil cód cleachtais ghairmiúil ann do léachtóirí? | |
| **Socrúchán Gairmiúil** | |
| Cén cineál suímh ina gcuirfidh na mic léinn a dtaithí oibre i gcrích? | |

| | |
|---|---|
| * An bhfuil sé riachtanach an taithí oibre a chur i gcrích le haoisghrúpaí difriúla leanaí? Tabhair sonraí. | |
| Cad é an t-ualú creidmheasa a thugtar do chur i gcrích na taithí oibre? | |
| Cad é fad na taithí oibre in uaireanta an chloig? | |
| An bhfuil sé sin difreáilte maidir le cleachtóirí na luathbhlianta a bhfuil taithí acu cheana á chleachtadh? | |
| *Tabhair faisnéis faoi conas a dhéanfaidh baill foirne an tsuímh maoirseacht ar thaithí oibre ar an suíomh? | |
| Sa chás gur cleachtóir mar thrádálaí aonair é an mac léinn féin, luaigh na socruithe eile atá i bhfeidhm chun tacú leo. | |
| Cé na cáilíochtaí agus an taithí íosta atá ag baill foirne ar an suíomh a dhéanann maoirseacht ar thaithí oibre? | |
| An bhfuil prótacail agus nósanna imeachta doiciméadaithe i bhfeidhm le haghaidh measúnóirí ar cuairt ón IAO/HEI? | |
| Cé na cáilíochtaí agus an taithí íosta atá ag measúnóirí ar cuairt ón IAO/HEI maidir le taithí oibre? | |
| Tabhair fianaise ar uirlisí measúnaithe maidir le taithí oibre. | |
| **Meicníochtaí Dearbhaithe Cáilíochta** | |
| Iarrtar ort faisnéis a sholáthar maidir le próisis dearbhaithe cáilíochta do chláir. | |

| |
|---|
| Féadfaidh an méid a leanas a bheith san áireamh ach níl siad teoranta dóibh sin amháin. Níl an liosta uileghabhálach. |
| • Lámhleabhar an chúrsa do mhic léinn ina soláthraítear sonraí iomlána faoin gclár, tuairiscíní modúl, torthaí agus ionchais.<br>• Lámhleabhar Socrúcháin Ghairmiúil do Mhaoirseoirí agus do Mhic Léinn.<br>• Faisnéis faoi conas a thaifeadtar cleachtas socrúcháin.<br>• Nósanna imeachta chun a chinntiú go gcuirtear mic léinn i suíomhanna oiriúnacha le haghaidh taithí oibre.<br>• Cosaintí atá i bhfeidhm do mhic léinn agus iad ar socrúchán.<br>• Comhaontuithe/Meabhráin Tuisceana (MOU)/struchtúir eagrúcháin agus tacaíochtaí atá i bhfeidhm le suíomhanna socrúchán gairmiúil.<br>• Fianaise go bhfuil modhanna measúnaithe cothrom, trédhearcach agus comhsheasmhach.<br>• Meastóireacht na mac léinn ar an gclár.<br>• Deiseanna maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL/CPD) do theagascóirí/do mhaoirseoirí socrúchán ar cuairt. |
| **Achoimre ar an gclár lena n-áirítear torthaí foghlaimeoirí. (Féach critéir, Cuid 1).** |

| Bliain 1<br>Liosta modúl | Bliain 2<br>Liosta modúl | Bliain 3<br>Liosta modúl | Bliain 4<br>Liosta modúl |
|---|---|---|---|
| | | | |

* (Ceangail tuilleadh fianaise)

## Cáipéisíocht faoi iamh

| Cuir tic leis an seicliosta de réir mar is cuí | Cuir tic |
|---|---|
| 1. Sonraí na Foirme Iarratais comhlánaithe go hIOMLÁN. | |
| 2. Cáipéisíocht iomlán an chláir. Ba cheart go gcuimseofaí leis sin sonraí cuimsitheacha faoi gach modúl atá ar fáil ar an gclár agus na torthaí a bhfuil súil leo mar aon le curaclam scríofa struchtúrtha. Ba cheart go n-áireofaí leis sin fad an chláir, an modh seachadta, modhanna measúnaithe, agus caighdeáin iontrála do mhic léinn agus sonraí faoi fhoireann an chláir, lena n-áirítear cáilíochtaí agus taithí. | |
| 3. Má dhéantar an clár a bhailíochtú le haghaidh seachadadh seachtrach / for-rochtana, caithfear gach doiciméad bailíochtaithe don mhodh seachadta sin a áireamh mar atá ag pointe 2, agus béim ar leith ar mhodh seachadta agus oiriúnacht an láithreáin sheachtraigh / for-rochtana agus na foirne. | |
| 4. Tá cur síos mionsonraithe ar shocruithe maidir le taithí oibre faoi mhaoirsiú riachtanach. Ba cheart go mbeadh sonraí ann maidir le fad an tsocrúcháin maidir le taithí oibre, na modhanna measúnaithe, cineál an tsuímh do thaithí oibre (i.e. soláthraí seirbhíse um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige nó suíomh eile) agus socruithe maoirseachta. | |
| 5. Faisnéis bhreise de réir mar is ábhartha a sholáthraíonn faisnéis maidir le próisis dearbhaithe cáilíochta an chláir. | |

*Tabhair faoi deara: Forchoimeádann an Bord Comhairleach Cáilíochtaí (BCC/QAB) an ceart tuilleadh cáipéisíochta tacaíochta a iarraidh chun cabhrú leis an bpróiseas measúnaithe seo.*

*Tabhair faoi deara: Mura ndéantar gach ceanglas maidir leis an iarratas a chur isteach go hiomlán, féadfar d'iarratas a dhiúltú agus féadfar gur gá an próiseas iarratais a thosú athuair.*

*Forchoimeádann an Bord Comhairleach Cáilíochtaí an ceart ábharthacht inneachar na dámhachtana a chinneadh.*

*Nuair a gheofar an fhoirm iarratais seo, eiseofar litir admhála le huimhir thagartha uathúil duit. Ba cheart duit an uimhir thagartha sin a úsáid in aon teagmháil a bhíonn agat linn maidir le d'iarratas.*

---

Tuigim go bhféadfadh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna) an fhaisnéis a sholáthraím a úsáid chun oiriúnacht na cáilíochta/na gcáilíochtaí a luaitear a bheith aitheanta mar cháilíocht aitheanta de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige sna Luathbhlianta a mheas.

| Síniú an Iarratasóra (trí theagmhálaí ainmnithe thar | | Dáta: | |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| ceann na hInstitiúide Oideachais: | | | |